Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2024
(OR. en)**

**11032/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0067(NLE)**

**ENV 619
CLIMA 244
ENER 280
IND 316
COMPET 642
MI 600
ECOFIN 674
TRANS 306
AELE 61
CH 13**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9699/24 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8159/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha a leasú<br>– Glacadh |

1. An 10 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2017/2240 an 10 Samhain 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh (‘an Comhaontú’)[1]. Síníodh an Comhaontú an 23 Samhain 2017.

[1] IO L 322, 7.12.2017, lch. 1.

2. Tugadh an Comhaontú i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/219 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

3. Le hAirteagal 12 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste a bheidh freagrach as cur chun feidhme an Chomhaontaithe. De bhun Airteagal 12(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm do na cinntí sin. I gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a leasú.

4. Foráiltear le hAirteagal 3(6) agus (7) den Chomhaontú go dtiocfaidh na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha arna bhforbairt ag riarthóir chlárlann na hEilvéise agus riarthóir lárnach an Aontais i bhfeidhm nuair a ghlacfar iad le cinneadh ón gComhchoiste. Trí bhíthin Chinntí Uimh. 1/2020[3] agus 2/2020[4], ghlac an Comhchoiste na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha, faoi seach.

5. An 20 Márta 2024, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha a leasú[5].

6. Is é is aidhm don Chinneadh nuashonrú a dhéanamh ar Iarscríbhinn II chun éabhlóid an naisc clárlainne idir Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais agus Córas Trádála Astaíochtaí na hEilvéise a léiriú agus chun forálacha Iarscríbhinn II a chuíchóiriú i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta. Ba cheart na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha a leasú freisin chun a gcomhsheasmhacht le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a áirithiú.

---

2 IO L 43, 16.2.2018, lch. 1.
3 IO L 226, 25.6.2021, lch. 2.
4 IO L 226, 25.6.2021, lch. 16.
5 8159/24 + ADD 1.

7. Tar éis don Mheitheal um an gComhshaol scrúdú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún ag an gcruinniú a bhí aici an 6 Bealtaine, d'ullmhaigh an Uachtaránacht togra comhréitigh[6] a chomhaontaigh an Mheitheal an 14 Bealtaine 2023.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir lena gcórais trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa a nascadh, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, na Nósanna Imeachta Oibríochta Comhchoiteanna agus na Caighdeáin Theicniúla Nasctha a leasú, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air[7].

9. Déanfar téacs an Chinnidh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa mar eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

---

[6] 9699/24 + ADD 1.
[7] 10038/24 + ADD 1.